

# INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

## SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, EARRACH, 2020

---

### SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

---

#### PÁIPÉAR I - 100 MARC (85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

---

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.**

---

#### **ROINN A**

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-
  - (a) Ba chóir do scoileanna níos mó a dhéanamh le cinntiú go ndéanann páistí níos mó aclaíochta ar scoil, go n-itheann siad bia níos folláine agus go léann siad níos mó.
  - (b) Ba chóir go mbeadh taisteal ar bhusanna agus ar thraenacha saor in aisce.
  - (c) Níl aon mhaitheas ann obair bhaile a bheith le déanamh ag páistí bunscoile.
  - (d) Níor chóir go mbeadh ar dhaoine airgead breise a íoc chun féachaint ar spórt ar an teilifís.
  - (e) Tá sé tábhachtach na gnéithe éagsúla de chultúr na hÉireann, an ceol, an damhsa, an amhránaíocht agus na cluichí Gaelacha a chur chun cinn i mbunscoileanna na hÉireann.

(35 mharc)

#### **ROINN B**

##### **Freagair Ceist 2 nó Ceist 3**

2. Aistrigh go Gaeilge:-

There is a restaurant beside us and it is very famous. It is said that the fish there is lovely. Last week-end myself and John decided to go there. We thought it would be nice. To tell the truth, we do not go out much. It is very difficult to have a social life when you have young children. Anyway, I rang the place on Monday evening after school and I booked a table for two. I also got a baby sitter. I was really looking forward all week to going to the restaurant and I must say, we weren't disappointed. As a starter John had soup, for the main course he had steak and chips and for dessert he had ice cream. I chose seafood. I didn't bother with a starter or dessert but I had salmon for the main course with mashed potatoes and carrots. It was delicious. I would like to go back again soon.

(15 marc)

### 3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Children! Take down your chairs and put your bags under the tables.
2. My house is on the main road between Galway and Limerick.
3. I am a teacher and my father is a farmer.
4. It gives me satisfaction when the children thank me.
5. The owner of the house is emigrating to Australia.
6. My next door neighbour collects my daughter from school.
7. Do you remember the last time we went out to a restaurant?
8. The author is Roddy Doyle and the story located in Dublin.
9. I do not usually take the car because of the traffic.
10. It will get very cold in the evening and there will be frost during the night.

(15 mharc)

## ROINN C

### Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

#### 4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“Cloisim go bhfuil tú ag iarraidh teach a (ceannaigh), a Dheirdre” arsa Cormac. “Tá, a Chormaic. Táim féin agus Ciarán pósta le dhá bhliain anois, tá teach ar cíos againn agus táimid ag íoc dhá mhíle Euro in aghaidh (an tseachtain).” “Agus an bhfuil aon tithe ar díol in aice libh?” arsa Cormac. “Tá cúpla (ceann) ar díol trasna (an bóthar) uainn,” arsa Deirdre. “Is é an ceann leathscoite díreach os ár (comhair) an ceann is (deas) díobh. Tá an bheirt againn ag dul síos chuig an mbanc Dé hAoine seo chugainn agus má (faigh: sinn) morgáiste sách ard ceannóimid é.” “Agus is ceantar an-deas é,” arsa Cormac. “Ceapaim, áfach, gurb í an tsráid sin an tsráid is (contúirteach) sa bhaile seo mar gheall ar an luas a bhíonn ag gluasteáin air. Dá mbeifeá ag múineadh faoin tuath an (bí) spéis agat teach a cheannach faoin tuath?” “Tháinig ceann an-deas ar an margadh díreach lasmuigh den bhaile thart ar mhí ó shin ach (díol) é laistigh de dhá lá.”

(10 marc)

#### 5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Ní (déan) mé dearmad peann a chur i mo mhála aréir.
2. (Féach) mé ar an Nuacht ar TG4 oíche Dé Máirt seo caite.
3. Rith sionnach trasna (an bóthar).
4. Drochthimpiste a bhí ann ach níor (gortaigh) aon duine.
5. Céard é an sliabh is (ard) i gCúige Chonnacht?
6. Labhair mé leis (na páistí) faoina n-iompar sa chlós.
7. Má fhaighim ticéad don chluiche sin (tabhair: mé) duit é.
8. Tháinig Bríd chuig mo chóisir bhreithlae agus fuair mé bronntanas deas (ó: í).
9. Tá áthas orm gur shocraigh mo thuismitheoirí mo chóipleabhair scoile a (coinnigh)
10. Tá súil agam nach ndéanfaidh mé dearmad ar na rudaí go léir atá (foghlaim) agam.

(10 marc)

## ROINN D

### Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

#### **Joe Steve Ó Neachtain**

D'imigh Joe Steve Ó Neachtain, file, scríbhneoir próis, drámadóir, aisteoir agus gníomhaí pobail ar shlí na firinne ar 19 Eanáir, 2020. Duine d'fhathaigh shaol na Gaeilge, shaol na Gaeltachta agus chultúr na hÉireann a bhí ann.

Rugadh Joe Steve Ó Neachtain ar an gCré Dhubh taobh thiar den Spidéal i gConamara sa bhliain 1942, an áit chéanna inar rugadh Máirtín Ó Cadhain, údar *Cré na Cille*. Is ar a fhód dúchais a chaith Joe Steve an chuid is mó da shaol. D'fhág sé an scoil nuair a bhí ceithre bliana déag d'aois. D'oibrigh sé le Comhairle Contae na Gaillimhe ag leagan píobán uisce i gConamara agus is iomaí nath cainte deisbhéalach a bhailigh sé ó na daoine a ndearna teagmháil leo ó Bhearna go Carna. D'oibrigh sé freisin le hÚdarás na Gaeltachta.

I mblianta tosaigh a shaoil bhí sé lárnach agus ar thús cadhnaíochta i bhfeachtas Chearta Sibhialta na Gaeltachta a chuir dlús le bunú Raidió na Gaeltachta agus TG4.

Ba é *Fead Ghlaice*, leabhar agallamh beirte agus bailéad, an chéad saothar dá chuid a foilsíodh. Ina dhiaidh sin, foilsíodh cnuasaigh fhilíochta, cnuasaigh ghearrscéalta, úrscéalta, drámaí agus cnuasach aistí. Mheall a shaothar cruthaitheach duaiseanna Oireachtais agus duaiseanna litríochta eile. Aon uair a léirigh Aisteoirí an Spidéil dráma dá chuid ar an stáitse in *Taibhdhearc na Gaillimhe* (Amharclann Náisiúnta na Gaeilge), bhíodh an Taibhdhearc i gcónaí lán go doras. Scríobh sé sraithdhráma Raidió na Gaeltachta, *Baile an Droichid* a ghnóthaigh Gradam Raidió Jacobs sa bhliain 1992. Chaith sé blianta ag aisteoireacht sa sobaldráma *Ros na Rún* agus léirigh foireann an tsobaldráma a meas air sa gharda onóra a rinne siad ag a shochraid. Bhronn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh céim oinigh MA ar Joe Steve sa bhliain 2005 agus roghnaíodh mar bhall de *Aosdána* é sa bhliain 2014.

Ba é a dheartháir, an tAthair Padraic Ó Neachtain, an príomhcheiliúraí ag Aifreann a shochraide i Séipéal Naomh Ainnín, an Cnoc, Indreabhán agus cuireadh Joe Steve i gcre na cille i Reilig an Chnoic.

1. Céard atá comónta idir Joe Steve Ó Neachtain agus Máirtín Ó Cadhain?
2. Cén bhliain inar chríochnaigh oideachas foirmiúil Joe Steve?
3. Cé uaidh a bhfuair Joe Steve saibhreas breise teanga?
4. Céard atá againn inniu in Éirinn a chruthaíonn gur éirigh go maith le Joe Steve mar ghníomhaí pobail?
5. Cén fhianaise atá san alt gur thaitin drámaí Joe Steve leis an bpobal?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

### Niall Tóibín

Rugadh Niall Tóibín, ar 21 Samhain, 1929 i ndeisceart chathair Chorcaí, an dara duine ab óige de sheachtar páistí a rugadh do Sheán Tóibín agus do Shiobhán Ní Shuilleabháin. Muinteoir ab ea Seán Tóibín a mhúin sa Scoil Tráchtála sa chathair agus údar ar dhá leabhar Ghaeilge, *Blátha an Bhóithrín* agus *Troscán na mBánta* – dhá leabhar faoi bhláthanna fiáine a fhásann ar thaobh an bhóthair agus sna páirceanna.

Tógadh Niall le Gaeilge agus níor thosaigh sé ag foghlaim Béarla go dtí go ndeachaigh sé ar scoil chuig na Bráithre Críostaí sa Mhainistir Thuaidh. Mar pháiste, chan sé i gcór na hArdeaglaise sa chathair agus san *Opera House*. Nuair a bhí sé ina dhéagóir, bhí sé mar bhall de chompántas drámaíochta bhí ceangailte le Craobh an Chéitinnigh de Chonradh na Gaeilge.

Tar éis na hArdeistimeireachta i 1947 fuair Niall post sa státseirbhís i mBaile Átha Cliath. D'oibrigh sé ar dtús leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus sna caogaidí thosaigh sé ag aisteoireacht le hAisteoirí Raidió Éireann. Ar feadh daichead bliain d'oibrigh sé ar an teilifís, i scannáin agus ar an stáitse. Cuimhneofar ar na páirteanna a bhí aige in *The Ballroom of Romance*, *The Irish R.M.*, *Far and Away*, *Ballykissangel* agus freisin sa scannán *Poitín* inar bhain sé úsáid as an gcumas a bhí aige sa Ghaeilge.

Ghlac Niall leis mar onóir mhór nuair a iarradh air a lámha a chur sa stroighin lasmuigh d'Amharclann Gaiety. Sa bhliain 1973 bhuaigh sé Gradam Jacob as a pháirt sa choiméide RTÉ, *If The Cap Fits*. Ar 4 Meitheamh, 2010 bhronn Ollscoil Chorcaí céim dhochtúireachta oinigh air. I mBealtaine, 2015 bronnadh Saoirse Chathair Chorcaí air in ómós dá chuid oibre i scannáin, ar an teilifís agus ar an stáitse.

D'éag Niall Tóibín i mBaile Átha Cliath ar 13 Samhain, 2019 ocht lá roimh a bhreithlá nócha bliain.

1. Cé mhéad duine níos óige ná Niall a bhí ina theaghlach?
2. Céard é ábhar an leabhair *Troscán na mBánta*?
3. Cén fhianaise atá san alt go raibh guth maith amhránaí ag Niall?
4. Cathain a d'úsáid Niall an teanga ar tógadh leis í ina shaol gairmiúil mar aisteoir, dar leis an alt?
5. Cén cruthú atá san alt go raibh meas ag a chathair dhúchais ar Niall Tóibín?

(10 marc)

## ROINN E

### Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Céard iad na feidhmeanna teanga atá á gcomhlíonadh ag na heiseamláirí seo a leanas:
- (i) “Ar mhaith leat uachtar reoite?”
  - (ii) “Dia duit!”
  - (iii) “Ní féidir liom snámh.”
  - (iv) “Bí cúramach!”
- (b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “An Fear Sneachta” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna agus ina ndéanann tú tagairt do na nithe seo a leanas: an aimsir, an radharc, conas a rinne tú an fear sneachta, na rudaí ar bhain tú úsáid astu, céard a tharla don fhear sneachta ag an deireadh.
- (c) Céard ba chóir tarlú sa Tréimhse Réamhchumarsáide? Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.

(15 mharc)

9. (a) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Fiche Ceist”. Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche.
- (b) Céard iad na buntáistí a bhaineann le Rólimirt ó thaobh mhúineadh na Gaeilge de?
- (c) Leag síos céimeanna is féidir le múinteoir a leanúint i gceacht chun obair bheirte a dhéanamh.

(15 mharc)

10. (a) Míniú Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí agus léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (b) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail/frásaí seo a leanas: “os comhair an tí”, “ag snámh”, “bosca lóin”.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir tuismitheoir agus páiste, faoin teideal, “Ag Rothaíocht ar an Leac Oighir ar an mBóthar!”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 mharc)